

# AN CLÁR



## Réamhrá.....1

Dáileadh na marcanna .....1

## Caibidil 1 An Scrúdú Cainte.....2

An léitheoireacht .....3

Sraith pictiúr .....7

An comhrá .....7

Nathanna agus abairtí úsáideacha .....21

Ceisteanna samplacha .....32

## Caibidil 2 An Chluastuiscant.....34

Foclóir úsáideach don chluastuiscant .....35

Cluastuiscntí samplacha .....39

Na giotaí cainte .....47

## Caibidil 3 An Cheapadóireacht.....56

Pleanáil agus scríobh .....57

Nathanna úsáideacha don cheapadóireacht .....58

Aiste shamplach .....60

An talt .....62

An díospóireacht .....63

An óráid .....64

An scéal .....75

Scéal samplach .....78

Seanfhocail .....79

## Caibidil 4 An Léamhthuiscant .....81

Foclóir coitianta sna ceisteanna agus sna freagraí .....82

Léamhthuiscntí .....83

## Caibidil 5 An Fhilíocht Chomóntha Ainmnithe .....92

Géibheann .....93

Colscaradh .....96

An tEarrach Thiar .....100



Mo Ghrá-sa (idir lúibíní) .....	103
An Spailpín Fánach .....	107
Ceist shamplach .....	110
<b>Caibidil 6 An Fhilíocht Bhreise Ardleibhéil .....</b>	<b>112</b>
Fill Arís .....	112
Éiceolaí .....	117
A Chlann .....	120
Colmáin .....	124
Caoineadh Airt Uí Laoghaire .....	129
<b>Caibidil 7 Prós Ainmnithe .....</b>	<b>136</b>
Cáca Milis .....	136
An Lasair Choille .....	141
Dís .....	145
Hurlamboc .....	149
Oisín i dTír na nÓg .....	153
Seal i Neipeal .....	156
An Gnáthrud .....	159
Ceist shamplach .....	164
<b>Caibidil 8 Gramadach .....</b>	<b>165</b>
Briathra .....	165
An aidiacht shealbhach .....	179
Comhaireamh .....	180
An chopail .....	180
An forainm réamhfhoclach .....	182
An tainmfhocal .....	184
Freagraí .....	186

## Aidhmeanna

- Gur mó an misneach a bheidh agat agus tú ag tabhairt faoin scrúdú cainte.
- Gur fearr an aithne a bheidh agat ar struchtúr an scrúdaithe.
- Go n-úsáidfidh tú na scileanna agus an foclóir foghlamtha anseo sna ceisteanna teanga éisteachta agus scríofa ar an bpáipéar scrúdaithe.

## Treoracha

- *An Scrúdú Cainte* now carries **240 marks** for Higher Level students. This is the equivalent of **40 per cent** of the Irish exam. For the 2012 examination and onwards, students will be asked to read an extract of poetry and to discuss a picture series.
- The remaining ten minutes (approximately) of the oral exam will be in the form of a *comhrá* or *agallamh*, where students will be asked to discuss general topics such as *mé féin*, *mo cheantar*, *mo chaitheamh aimsire*, etc. The *comhrá* may then progress to more general topics such as *fadhbanna an duine óig*, *fadhbanna na tíre*, etc. The duration of the exam is **usually between 13 and 15 minutes**.
- It is vital to remember that **this is not a Scrúdú Eolais**, i.e. the examiner will not be testing knowledge of subjects the student is not familiar with. Rather, **this is a Scrúdú Cainte** and the examiner's task is to assess your ability and competence in the Irish language.
- My advice here is to **speak!** Prepare relatively lengthy answers to questions you may have forecast, but be prepared for the examiner to interrupt you at any point to ask another question. It is not recommended to learn or recite long passages as this does not prove a natural flow of language.
- To get the balance, it would be advised to familiarise yourself with general phrases and responses. A Higher level student would be expected to discuss various topics at a certain depth and therefore where possible, one-line answers should be avoided. Occasionally however, one line may fully answer the question. In brief, **elaborate on your answer where the opportunity arises.**
- Students often struggle with the *gramadach chasta* in this part of the exam and understandably so. However, **speaking the language and listening to it spoken** are undoubtedly the best ways to overcome such problems. Grammatical structures are most naturally learned in any language by ear and by trial and error. Key points in grammar to focus on for the oral

examination are *Briathra*, *An Aidiacht Shealbhach*, *Comhaireamh*, *An Chopail*, *An Forainm Réamhfhooclach*, *Tuisil*, etc. We use the *Tuiseal Ginideach* frequently and correctly, subconsciously, when we use phrases such as *fear an phoist* (post) and *bean an tí* (teach). Generally, the examiner will ask some questions in the *Aimsir Chaite*, *Aimsir Láithreach*, *Aimsir Fháistineach* and *Modh Coinníollach*.

- The *comhrá* often begins with an opening question such as *Inis dom fút féin* or *Déan cur síos ort féin*. Here, the student is given the opportunity to introduce him/herself, using simple and familiar language. I strongly emphasise the importance of **accuracy in grammatical structures**. How often have we heard that first impressions last or *Tús maith leath na hoibre!* Accuracy here also proves to the examiner that the student has prepared well for the oral exam, but also builds on the student's confidence for the remaining part of the *comhrá*.

#### Marcáil na Béaltrialach

Fáiltiú	5 marc
Aithris na filíochta	35 marc
Cur síos ar shraith pictiúr	80 marc
Comhrá ginearálta	120 marc

## An léitheoireacht

You will be asked to read an extract of poetry (approx. 10 lines) at the beginning of the oral examination. It is important to practise reading the extracts several times in advance of the exam and to read the passage clearly and with meaning in the exam. Remember to read the title of the poem and the name of the poet.



Léigh an sliocht le brí agus go soiléir.  
Ná déan dearmad ainm an dán agus an fhile a lua.



## Éist leis an léitheoireacht ar an dlúthdhiosca



Rian 1



Rian 2

### Géibheann

*le Caitlín Maude*

Ainmhí mé  
ainmhí alta  
as na teochreasa  
a bhfuil clú agus cáil  
ar mo scéimh  
chroithfinn crainnte na coille  
tráth  
le mo gháir  
achanois  
luím síos  
agus breathnaím trí lethshúil  
ar an gcrann aonraic sin thall  
tagann na céadta daoine  
chuile lá  
a dhéanfadh rud ar bith  
dom  
ach mé a ligean amach

### Colscaradh

*le Pádraig Mac Suibhne*

Shantaigh sé bean  
i nead a chine,  
faoiseamh is gean  
ar leac a thine,  
aiteas is greann  
i dtógáil chlainne.  
Shantaigh sí fear  
is taobh den bhríste,  
dídean is searc  
is leath den chíste,  
saoire thar lear  
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.  
Scaradar.

Táim /Tá mé i mo chónaí i mBréachmhaigh, sráidbhaile beag atá suite thart ar ceithre mhíle **taobh amuigh de** Chaisleán a' Bharraigh. (de+h)

Is é an spórt an caitheamh aimsire is fearr liom. Imríم cispheil agus eitpheil agus tá mé **ar fhoireann eitpheile** na scoile. (an chopail, ar+h, tuiseal ginideach)

Is maith liom dul amach le mo chairde freisin agus **téimid** go dtí an phictiúrlann nó go dtí an teach tábhairne go minic ag an deireadh seachtaine.



Éist leis na samplaí ar an dlúthdhiosca agus déan iarracht do chuid freagraí féin a chumadh.

## Comhrá samplach a haon



Rian 6

*Dia duit.*

Dia 's Muire dhuit.

*Tá fáilte romhat, suigh stós!*

Go raibh maith agat

*Anois, cad í d'uimhir scrúdaithe?*

A dó, a trí, a cúig, a haon, a sé.

*Go raibh maith agat agus cad is ainm duit?*

Dáithí Mac Oisín is ainm dom.

**(Léitheoireacht agus sraith pictiúr)**

*An-mhaith a Dháithí! Anois, cén aois tú?*

Tá mé seacht mbliana déag d'aois ach beidh mé ocht mbliana déag i gceann míosa. Bíonn **mo bhreithlá** ann ar an ochtú lá déag de mhí Bealtaine. Rugadh mé sa bláthain náoi déag nócha cúig.

*Go deas! An bhfuil a fhios agat fós cad é a dhéanfaidh tú ar do bhreithlá?*



aimsir  
fháistineach

leanúnachas

Níl mé cinnte fós ach is dócha go rachaidh mé amach le mo chairde. Beidh an Ardteist ag tosú cúpla seachtain ina dhiaidh sin agus mar sin b'fhéidir go mbeidh cóisir agam tar éis na hArdteiste. Má fhaighim cead ó mo thuismitheoirí, tiocfaidh mo chairde go dtí mo theach agus níos déanaí san oíche, rachaimid go dtí club oíche.

*Go biontach! Bainfidh tú taitneamh as sin gan dabht – agus cá bhfuil cónta ort?*

Cónaím in Áth Luain. Tá mo theach suite ar imeall an bhaile

agus, mar sin, is féidir liom siúl ar scoil. Chomh maith leis sin, níl mé i bhfad ó na háiseanna go léir sa bhaile mór. Tá ionad spóirt gar do mo theach agus téim ann go minic um thráthnóna.

*Agus cad é a dhéanann tú san ionad spóirt?*

leanúnachas

Úsáidim na meáchain go minic nó téim ag snámh uaireanta. Tá linn snámha caoga méadar san ionad. Chomh maith leis sin, i rith an gheimhridh, imríím sacar faoi dhíon le grúpa áitiúil. Is maith liom a bheith acláí mar tá sé sláintiúil agus tugann sé faoiseamh dom ó bhrú na hArdteiste.

*Tá an ceart agat, ach tá go leor daoine óga ann nach n-imríonn aon spórt agus a chaitheann an iomarca ama ag féachaint ar an teilifís, nó ag imirt cluichí ríomhairesctha, nach bhfuil?*

do thuairim

Tá, gan amhras agus is mór an trua é. I mo thuairim féin, níl go leor béime ar an spórt sna scoileanna agus ní thuigeann daoine óga i gcoitinne tábhacht an spóirt. I mo scoil féin, sa chúigiú agus sa séú bliain, ní bhíonn ach rang amháin corpoideachais againn agus ní leor sin in aon chor.

aimsir láithreach

*Cad iad na hábhair atá á ndéanamh agat fén don Ardteist?*

Déanaim Gaeilge, Béarla, matamaitic, Fraincis, fisic, gnó agus cuntasaíocht. Is é an gnó an t-ábhar is fearr liom agus ba mhaith liom cursa gnó a dhéanamh san ollscoil an bhliain seo chugainn.

*Agus cár mhaith leat an cursa a dhéanamh?*

Má fhaighim na pointí, ba mhaith liom dul go dtí an ollscoil i nGaillimh. Tá mo dheardháir ina chónaí ansin agus chuaigh mé ar cuairt chuige cúpla uair. Taitníonn an coláiste agus an chathair go mór leis.

modh coinníollach

*Agus mura bhfaighfeá na pointí, an bhfuil aon chúrsa eile a dhéanfá?*

Dhéanfainn an cursa céanna i mBaile Átha Cliath nó i Luimneach ach b'fhearr liom Gaillimh mar bheadh sé níos áisiúla dom.

do thuairim

*Bhuel, le cúnamb De, gheobhaidh tú do chéad rogha. Cad é a cheapann tú faoi chóras na bpointí mar chóras measúnaithe don triú leibhéal?*

Den chuid is mó, ceapaim go bhfuil córas na bpointí cothrom agus cóir, mar faigheann gach dalta sa chóras an deis chéanna dul go dtí an coláiste agus ní bhraitheann sé ar an méid airgid atá ag do thuismitheoirí. Ar an lámh eile, áfach, níl mé cinnte go bhfuil sé ceart go mbraitheann gach rud ar scrúdú mór

amháin tar éis cúig nó sé bliana sa mheánscoil. B'fhéidir, mar sin, go mbeadh measúnú leanúnach níos fearr.

modh  
coinniollach

### *Ceart go leor, an bhfuil aon rud eile a d'athrófá faoin gcóras oideachais dá mbeifeá i d'Aire Oideachais?*

Bhuel, ar ndóigh, thabharfainn níos mó airgid do na scoileanna chun trealamh nua a fháil agus chun foirgnimh nua a thógáil. Chomh maith leis sin, d'éistfinn le tuairimí na ndaltaí níos mó agus chuirfinn béis níos mó ar an spórt sa churaclam. Bheadh an post sin an-deacair, áfach, mar tá an-chuid fadhbanna le réiteach sa chóras mar atá sé.

aimsir  
fháistíneach

### *Go maith! An bhfuil aon rud beartaithe agat don samhradh seo chugainn fós, a Dháithí?*

Beidh mé ag obair i siopa spóirt sa bhaile mór don chuid is mó den samhradh, ach ba mhaith liom dul ar saoire le mo chairde chomh maith. Níl aon rud curtha in áirithe againn go fóill ach seans maith go rachaimid ar saoire gréine! Beidh mé ag súil le himeacht ón drochaimsir anseo!

*Tá círsai aimsire imithe in olcas sa tir seo le blianta anuas.  
Cad is cíús leis sin, dar leat?*

deis chun tuairim a nochtadh

Bhuel, níl aon amhras ach go bhfuil baint ag an téamh domhanda leis, dar liom féin. Tá athrú aeráide ag tarlú ar fud an domhain agus tá an cine daonna ag déanamh damáiste ollmhór don chiseal ozóin le breoslaí ola ó charranna, ó eitleáin agus ó thithe. Caithfimid go léir a bheith ozónchairdiúil agus aire níos fearr a thabhairt dár dtimpeallacht nó beidh sé ródhéanach.

ábhar  
tráthúil

### *An bhfuil aon suim agat i gcírsai polaitíochta?*

Níl móran suime agam sa pholaitíocht i ndáiríre. Is beag am a chaithim na laethanta seo ag féachaint ar an nuacht nó ag léamh an nuachtáin. Tá a fhios agam go bhfuil go leor polaiteoirí sa tir seo a dhéanann a ndíchill, ach ag an am céanna tá cuid acu mímhacánta, santach agus leisciúil. Is dócha go bhfuil sé mar an gceanna i ngach gné den saol. Tá polaiteoir áitiúil anseo agus tá a lán oibre déanta aige don cheantar.

Tá sé ceart go leor a rá nach bhfuil móran eolais agat faoi ábhar nó nach bhfuil suim agat ann.

do  
thuairim

### *An gceapann tú go bhfuil go leor áiseanna anseo do dhaoine óga?*

Tá áiseanna anseo, ceart go leor, ach ní bhíonn go leor le déanamh ag déagóirí. Tá pictiúrlann, linn snámha, leabharlann, ionad siopadóireachta agus a leithéid ach má theastaíonn uait dul go dtí an dioscó, caithfidh tú a bheith ocht mbliana déag. Níl aon dioscó do dhéagóirí atá sé bliana déag, mar shampla.

do  
thuairim*Tuigim, agus meas tú an bhfuil níos mó fadhbanna sa bhaile mór, mar sin?*

Chun an fhírinne a insint, ní dóigh liom go bhfuil Áth Luain níos measa ná aon áit eile sa tir. Cosúil le gach cathair nó baile mór eile, bíonn fadhbanna againn leis an ólachán i measc na n-óg, chomh maith le fadhb na ndruagáil agus foréigean ar na sráideanna, go háirithe idir a haon agus a trí a chlog ar maidin nuair a thagann na sluaite amach ar na sráideanna as na tithe tábhairne agus na clubanna oíche. Tagann fonn troda ar dhaoine áirithe nuair a bhíonn siad ar meisce, nó ‘ard’ ar dhrugaí, nó b’fhéidir meascán den dá rud.

*Cad é a dhéanann tú féin ag an deireadh seachtaine?*aimsir  
láithreach

Oíche Dé hAoine, tógaim sos ón staidéar. Ligim mo scíth nō buailim le mo chairde sa bhaile mór nó san ionad spóirt.

Maidin Dé Sathairn, éirim ar a haon déag agus déanaim staidéar go dtí thart ar a cúig a chlog. Ansin, ithim mo dhinnéar agus féachaim ar an teilifís nó buailim le mo chairde. Ó am go chéile, téimid go dtí an teach tábhairne nō go dtí an dioscó ach uaireanta bíonn sé deacair cead isteach a fháil mar níl mé ocht mbliana déag fós!

*An mbíonn daoine óga faoi ocht mbliana déag sna háiteanna sin go minic?*aimsir  
ghnáthláithreach

Bíonn, cinnte!

*Conas sin?*

Bhuel, bíonn cártaí aitheantais bréige ag cuid acu agus bíonn daoine eile ann a bhfuil cuma níos sine orthu! Níl an dlí ró-dhian ar an rial sin i mo thuairimse.

*An mar sin é? Agus, an bhfuil aon tuairim agat cén fáth a bhfuil an fhadhb sin chomh holc in Éirinn?*

Bhuel, tá sé deacair an cheist sin a fhreagairt i ndáiríre, ach b’fhéidir go bhfuil ár gcultúr freaghrach as. Is beag ócáid a cheiliúraimid gan alcól agus, i gcoitinne, bíonn tionchar mór ag cultúr an ólacháin ar ár sochaí.

*An-mhaith, bbi sé an-deas labhairt leat. Tá an scrúdú thart anois. Is féidir leat imeacht, a Dháithí!*

Go raibh míle maith agat.

do  
thuairim

## Aidhmeanna

- Gur mó an misneach a bheidh agat agus tú ag tabhairt faoin scrúdú cainte.
- Gur fearr an aithne a bheidh agat ar struchtúr an scrúdaithe.
- Go n-úsáidfidh tú na scileanna agus an foclóir foghlamtha anseo sna ceisteanna teanga éisteachta agus scríofa ar an bpáipéar scrúdaithe.

## Treoracha

- *An Scrúdú Cainte* now carries **240 marks** for Higher Level students. This is the equivalent of **40 per cent** of the Irish exam. For the 2012 examination and onwards, students will be asked to read an extract of poetry and to discuss a picture series.
- The remaining ten minutes (approximately) of the oral exam will be in the form of a *comhrá* or *agallamh*, where students will be asked to discuss general topics such as *mé féin*, *mo cheantar*, *mo chaitheamh aimsire*, etc. The *comhrá* may then progress to more general topics such as *fadhbanna an duine óig*, *fadhbanna na tíre*, etc. The duration of the exam is **usually between 13 and 15 minutes**.
- It is vital to remember that **this is not a Scrúdú Eolais**, i.e. the examiner will not be testing knowledge of subjects the student is not familiar with. Rather, **this is a Scrúdú Cainte** and the examiner's task is to assess your ability and competence in the Irish language.
- My advice here is to **speak!** Prepare relatively lengthy answers to questions you may have forecast, but be prepared for the examiner to interrupt you at any point to ask another question. It is not recommended to learn or recite long passages as this does not prove a natural flow of language.
- To get the balance, it would be advised to familiarise yourself with general phrases and responses. A Higher level student would be expected to discuss various topics at a certain depth and therefore where possible, one-line answers should be avoided. Occasionally however, one line may fully answer the question. In brief, **elaborate on your answer where the opportunity arises.**
- Students often struggle with the *gramadach chasta* in this part of the exam and understandably so. However, **speaking the language and listening to it spoken** are undoubtedly the best ways to overcome such problems. Grammatical structures are most naturally learned in any language by ear and by trial and error. Key points in grammar to focus on for the oral

examination are *Briathra*, *An Aidiacht Shealbhach*, *Comhaireamh*, *An Chopail*, *An Forainm Réamhfhooclach*, *Tuisil*, etc. We use the *Tuiseal Ginideach* frequently and correctly, subconsciously, when we use phrases such as *fear an phoist* (post) and *bean an tí* (teach). Generally, the examiner will ask some questions in the *Aimsir Chaite*, *Aimsir Láithreach*, *Aimsir Fháistineach* and *Modh Coinníollach*.

- The *comhrá* often begins with an opening question such as *Inis dom fút féin* or *Déan cur síos ort féin*. Here, the student is given the opportunity to introduce him/herself, using simple and familiar language. I strongly emphasise the importance of **accuracy in grammatical structures**. How often have we heard that first impressions last or *Tús maith leath na hoibre!* Accuracy here also proves to the examiner that the student has prepared well for the oral exam, but also builds on the student's confidence for the remaining part of the *comhrá*.

#### Marcáil na Béaltrialach

Fáiltiú	5 marc
Aithris na filíochta	35 marc
Cur síos ar shraith pictiúr	80 marc
Comhrá ginearálta	120 marc

## An léitheoireacht

You will be asked to read an extract of poetry (approx. 10 lines) at the beginning of the oral examination. It is important to practise reading the extracts several times in advance of the exam and to read the passage clearly and with meaning in the exam. Remember to read the title of the poem and the name of the poet.



Léigh an sliocht le brí agus go soiléir.  
Ná déan dearmad ainm an dán agus an fhile a lua.



## Éist leis an léitheoireacht ar an dlúthdhiosca



Rian 1



Rian 2

### Géibheann

*le Caitlín Maude*

Ainmhí mé  
ainmhí alta  
as na teochreasa  
a bhfuil clú agus cáil  
ar mo scéimh  
chroithfinn crainnte na coille  
tráth  
le mo gháir  
achanois  
luím síos  
agus breathnaím trí lethshúil  
ar an gcrann aonraic sin thall  
tagann na céadta daoine  
chuile lá  
a dhéanfadh rud ar bith  
dom  
ach mé a ligean amach

### Colscaradh

*le Pádraig Mac Suibhne*

Shantaigh sé bean  
i nead a chine,  
faoiseamh is gean  
ar leac a thine,  
aiteas is greann  
i dtógáil chlainne.  
Shantaigh sí fear  
is taobh den bhríste,  
dídean is searc  
is leath den chíste,  
saoire thar lear  
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.  
Scaradar.

Táim /Tá mé i mo chónaí i mBréachmhaigh, sráidbhaile beag atá suite thart ar ceithre mhíle **taobh amuigh de** Chaisleán a' Bharraigh. (de+h)

Is é an spórt an caitheamh aimsire is fearr liom. Imríم cispheil agus eitpheil agus tá mé **ar fhoireann eitpheile** na scoile. (an chopail, ar+h, tuiseal ginideach)

Is maith liom dul amach le mo chairde freisin agus **téimid** go dtí an phictiúrlann nó go dtí an teach tábhairne go minic ag an deireadh seachtaine.



Éist leis na samplaí ar an dlúthdhiosca agus déan iarracht do chuid freagraí féin a chumadh.

## Comhrá samplach a haon



Rian 6

*Dia duit.*

Dia 's Muire dhuit.

*Tá fáilte romhat, suigh stós!*

Go raibh maith agat

*Anois, cad í d'uimhir scrúdaithe?*

A dó, a trí, a cúig, a haon, a sé.

*Go raibh maith agat agus cad is ainm duit?*

Dáithí Mac Oisín is ainm dom.

**(Léitheoireacht agus sraith pictiúr)**

*An-mhaith a Dháithí! Anois, cén aois tú?*

Tá mé seacht mbliana déag d'aois ach beidh mé ocht mbliana déag i gceann míosa. Bíonn **mo bhreithlá** ann ar an ochtú lá déag de mhí Bealtaine. Rugadh mé sa bláthain náoi déag nócha cúig.

*Go deas! An bhfuil a fhios agat fós cad é a dhéanfaidh tú ar do bhreithlá?*



aimsir  
fháistineach

leanúnachas

Níl mé cinnte fós ach is dócha go rachaidh mé amach le mo chairde. Beidh an Ardteist ag tosú cúpla seachtain ina dhiaidh sin agus mar sin b'fhéidir go mbeidh cóisir agam tar éis na hArdteiste. Má fhaighim cead ó mo thuismitheoirí, tiocfaidh mo chairde go dtí mo theach agus níos déanaí san oíche, rachaimid go dtí club oíche.

*Go biontach! Bainfidh tú taitneamh as sin gan dabht – agus cá bhfuil cónta ort?*

Cónaím in Áth Luain. Tá mo theach suite ar imeall an bhaile

agus, mar sin, is féidir liom siúl ar scoil. Chomh maith leis sin, níl mé i bhfad ó na háiseanna go léir sa bhaile mór. Tá ionad spóirt gar do mo theach agus téim ann go minic um thráthnóna.

*Agus cad é a dhéanann tú san ionad spóirt?*

leanúnachas

Úsáidim na meáchain go minic nó téim ag snámh uaireanta. Tá linn snámha caoga méadar san ionad. Chomh maith leis sin, i rith an gheimhridh, imríím sacar faoi dhíon le grúpa áitiúil. Is maith liom a bheith acláí mar tá sé sláintiúil agus tugann sé faoiseamh dom ó bhrú na hArdteiste.

*Tá an ceart agat, ach tá go leor daoine óga ann nach n-imríonn aon spórt agus a chaitheann an iomarca ama ag féachaint ar an teilifís, nó ag imirt cluichí ríomhairesctha, nach bhfuil?*

do thuairim

Tá, gan amhras agus is mór an trua é. I mo thuairim féin, níl go leor béime ar an spórt sna scoileanna agus ní thuigeann daoine óga i gcoitinne tábhacht an spóirt. I mo scoil féin, sa chúigiú agus sa séú bliain, ní bhíonn ach rang amháin corpoideachais againn agus ní leor sin in aon chor.

aimsir láithreach

*Cad iad na hábhair atá á ndéanamh agat fén don Ardteist?*

Déanaim Gaeilge, Béarla, matamaitic, Fraincis, fisic, gnó agus cuntasaíocht. Is é an gnó an t-ábhar is fearr liom agus ba mhaith liom cursa gnó a dhéanamh san ollscoil an bhliain seo chugainn.

*Agus cár mhaith leat an cursa a dhéanamh?*

Má fhaighim na pointí, ba mhaith liom dul go dtí an ollscoil i nGaillimh. Tá mo dheardháir ina chónaí ansin agus chuaigh mé ar cuairt chuige cúpla uair. Taitníonn an coláiste agus an chathair go mór leis.

modh coinníollach

*Agus mura bhfaighfeá na pointí, an bhfuil aon chúrsa eile a dhéanfá?*

Dhéanfainn an cursa céanna i mBaile Átha Cliath nó i Luimneach ach b'fhearr liom Gaillimh mar bheadh sé níos áisiúla dom.

do thuairim

*Bhuel, le cúnamb De, gheobhaidh tú do chéad rogha. Cad é a cheapann tú faoi chóras na bpointí mar chóras measúnaithe don triú leibhéal?*

Den chuid is mó, ceapaim go bhfuil córas na bpointí cothrom agus cóir, mar faigheann gach dalta sa chóras an deis chéanna dul go dtí an coláiste agus ní bhraitheann sé ar an méid airgid atá ag do thuismitheoirí. Ar an lámh eile, áfach, níl mé cinnte go bhfuil sé ceart go mbraitheann gach rud ar scrúdú mór

amháin tar éis cúig nó sé bliana sa mheánscoil. B'fhéidir, mar sin, go mbeadh measúnú leanúnach níos fearr.

modh  
coinniollach

### *Ceart go leor, an bhfuil aon rud eile a d'athrófá faoin gcóras oideachais dá mbeifeá i d'Aire Oideachais?*

Bhuel, ar ndóigh, thabharfainn níos mó airgid do na scoileanna chun trealamh nua a fháil agus chun foirgnimh nua a thógáil. Chomh maith leis sin, d'éistfinn le tuairimí na ndaltaí níos mó agus chuirfinn béis níos mó ar an spórt sa churaclam. Bheadh an post sin an-deacair, áfach, mar tá an-chuid fadhbanna le réiteach sa chóras mar atá sé.

aimsir  
fháistíneach

### *Go maith! An bhfuil aon rud beartaithe agat don samhradh seo chugainn fós, a Dháithí?*

Beidh mé ag obair i siopa spóirt sa bhaile mór don chuid is mó den samhradh, ach ba mhaith liom dul ar saoire le mo chairde chomh maith. Níl aon rud curtha in áirithe againn go fóill ach seans maith go rachaimid ar saoire gréine! Beidh mé ag súil le himeacht ón drochaimsir anseo!

*Tá círsai aimsire imithe in olcas sa tir seo le blianta anuas.  
Cad is cíús leis sin, dar leat?*

deis chun tuairim a nochtadh

Bhuel, níl aon amhras ach go bhfuil baint ag an téamh domhanda leis, dar liom féin. Tá athrú aeráide ag tarlú ar fud an domhain agus tá an cine daonna ag déanamh damáiste ollmhór don chiseal ozóin le breoslaí ola ó charranna, ó eitleáin agus ó thithe. Caithfimid go léir a bheith ozónchairdiúil agus aire níos fearr a thabhairt dár dtimpeallacht nó beidh sé ródhéanach.

ábhar  
tráthúil

### *An bhfuil aon suim agat i gcírsai polaitíochta?*

Níl móran suime agam sa pholaitíocht i ndáiríre. Is beag am a chaithim na laethanta seo ag féachaint ar an nuacht nó ag léamh an nuachtáin. Tá a fhios agam go bhfuil go leor polaiteoirí sa tir seo a dhéanann a ndíchill, ach ag an am céanna tá cuid acu mímhacánta, santach agus leisciúil. Is dócha go bhfuil sé mar an gcéanna i ngach gné den saol. Tá polaiteoir áitiúil anseo agus tá a lán oibre déanta aige don cheantar.

Tá sé ceart go leor a rá nach bhfuil móran eolais agat faoi ábhar nó nach bhfuil suim agat ann.

do  
thuairim

### *An gceapann tú go bhfuil go leor áiseanna anseo do dhaoine óga?*

Tá áiseanna anseo, ceart go leor, ach ní bhíonn go leor le déanamh ag déagóirí. Tá pictiúrlann, linn snámha, leabharlann, ionad siopadóireachta agus a leithéid ach má theastaíonn uait dul go dtí an dioscó, caithfidh tú a bheith ocht mbliana déag. Níl aon dioscó do dhéagóirí atá sé bliana déag, mar shampla.

do  
thuairim*Tuigim, agus meas tú an bhfuil níos mó fadhbanna sa bhaile mór, mar sin?*

Chun an fhírinne a insint, ní dóigh liom go bhfuil Áth Luain níos measa ná aon áit eile sa tir. Cosúil le gach cathair nó baile mór eile, bíonn fadhbanna againn leis an ólachán i measc na n-óg, chomh maith le fadhb na ndruagáil agus foréigeann ar na sráideanna, go háirithe idir a haon agus a trí a chlog ar maidin nuair a thagann na sluaite amach ar na sráideanna as na tithe tábhairne agus na clubanna oíche. Tagann fonn troda ar dhaoine áirithe nuair a bhíonn siad ar meisce, nó ‘ard’ ar dhrugaí, nó b’fhéidir meascán den dá rud.

*Cad é a dhéanann tú féin ag an deireadh seachtaine?*aimsir  
láithreach

Oíche Dé hAoine, tógaim sos ón staidéar. Ligim mo scíth nō buailim le mo chairde sa bhaile mór nó san ionad spóirt.

Maidin Dé Sathairn, éirim ar a haon déag agus déanaim staidéar go dtí thart ar a cúig a chlog. Ansin, ithim mo dhinnéar agus féachaim ar an teilifís nó buailim le mo chairde. Ó am go chéile, téimid go dtí an teach tábhairne nō go dtí an dioscó ach uaireanta bíonn sé deacair cead isteach a fháil mar níl mé ocht mbliana déag fós!

*An mbíonn daoine óga faoi ocht mbliana déag sna háiteanna sin go minic?*aimsir  
ghnáthláithreach

Bíonn, cinnte!

*Conas sin?*

Bhuel, bíonn cártaí aitheantais bréige ag cuid acu agus bíonn daoine eile ann a bhfuil cuma níos sine orthu! Níl an dlí ró-dhian ar an rial sin i mo thuairimse.

do  
thuairim*An mar sin é? Agus, an bhfuil aon tuairim agat cén fáth a bhfuil an fhadhb sin chomh holc in Éirinn?*

Bhuel, tá sé deacair an cheist sin a fhreagairt i ndáiríre, ach b’fhéidir go bhfuil ár gcultúr freagrach as. Is beag ócáid a cheiliúraimid gan alcól agus, i gcoitinne, bíonn tionchar mór ag cultúr an ólacháin ar ár sochaí.

*An-mhaith, bbi sé an-deas labhairt leat. Tá an scrúdú thart anois. Is féidir leat imeacht, a Dháithí!*

Go raibh míle maith agat.